



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tuarascáil Bhliantúil 2010

lena n-áirítear

Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

agus

Tuarascáil Bhord Clárachta na nOibreoirí Sóisialta

BITHCHEIMICEOIRÍ CLINICIÚLA ● DIATÉITIGH ● EOLAITHE MÍOCHAI
TEIRIPEOIRÍ SAOTHAIR ● ORTOPTAIGH ● COSLIANNA ● FISITEIRIPEOIRÍ
SÍCEOLAITHE ● RADAGRAFAITHE ● OIBRITHE CÚRAIM SHÓISIALTA
OIBRITHE SÓISIALTA ● TEIRIPEOIRÍ URLABHRA AGUS TEANGA

WWW.CORU.IE

Clár Ábhar

	Leathanach
Giorrúcháin agus sainmhínte	3
Céard is CORU ann?	4
Sracfhéachaint ar CORU le linn 2010	5
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh	6
1. Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh	8
1.1 Réamhrá an Chathaoirligh	8
1.2 Cúlra	10
1.3 Ullmhú le haghaidh clárúcháin	12
1.4 Oideachas	15
1.5 Gníomhaíochta eile	16
1.6 Coistí na Comhairle 2010	19
1.7 Grúpaí Oibre na Comhairle 2010	22
2. Tuarascáil Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta	24
2.1 Réamhrá an Chathaoirligh	24
2.2 Cúlra	25
2.3 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2010	25
Aguisíní:	
1: Freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2010	28
2: Cuspóirí agus Dualgais na Comhairle	29
3: Freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2010	30
4: Cuspóirí agus Dualgais na mBord Cláraitheachta	31
3. Ráitis Airgeadais na Bliana dar Críoch an 31 Nollaig 2010	32

Giorruchain agus sainmhinithe

ACESA	Comhlachas na bPríomhfheidhmeannach Gníomhaireachtaí Stáit ('Association of Chief Executives of State Agencies')
Act	An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
CLEAR	An Chomhairle um Dheonú Ceadúnas, Forfheidhmiú agus Rialú ('Council on Licensure, Enforcement and Regulation')
Committees	Coistí comhairleacha na Comhairle (feic thíos), tá ball den Chomhairle ina c(h)athaoirleach ar gach ceann díobh, agus déanann siad moltaí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle a dhéanfaidh cinneadh orthu
CORU	Bratchomhlacht atá freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialú, lena n-áirítear an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na 12 bhord clárúcháin a bheidh le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
Council	An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Department, DOHC	An Roinn Sláinte agus Leanaí
HIQA	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HR	Acmhainní Daonna
HSCP Act	An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
HSCRF	An Fóram um Rialáil Sláinte agus Cúraim Shóisialta ('Health and Social Care Regulatory Forum')
ICT	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
IT	Teicneolaíocht faisnéise
Minister	An tAire Sláinte agus Leanaí
NSWQB	An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta
PHECC	An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal
Registrar	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i bhfeidhmiú a cuid dualgas mar Chláraitheoir do na boird chlárúcháin
Registration board	Bord aonair clárúcháin le haghaidh ceann amháin de na gairmeacha a chuimsítear san Acht
SWRB	Bord Clárúcháin na nOibreoirí Sóisialta ('Social Workers Registration Board').

Céard is CORU ann?

Ón bhfocal “cóir” a chiallaíonn “cothrom”, “ceart” agus “cuí”, bratchomhlacht is iad CORU atá freagrach as an bpobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shláinte. Tá siad freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

Is éard atá in CORU an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an Chomhairle), a bunaíodh in 2007, agus na 12 bhord cláráitheachta a bheidh le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), lena mbaineann na gairmeacha a leanas:

Bithcheimiceoirí Cliniciúla	Fisiteiripeoirí
Diatéitigh	Síceolaithe
Eolaithe Míochaine	Radagrafaithe
Teiripeoirí Saothair	Oibríthe Cúraim Shóisialta
Ortoptaigh	Oibríthe Sóisialta
Coslianna	Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Nuair a bheidh na 12 chlár a ainmnítear san Acht go hiomlán i bhfeidhm, beidh CORU, ina n-iomláine, freagrach as clárúchán breis agus 20,000 gairmí. Sa mhullach air sin, is spéis le 15 ghairm eile clárúchán reachtúil a bhaint amach le CORU.

Chuir dhá eagraíocht eile, Bord na Radharcmeastóirí, a dhéanann radharceolaithe agus radharceolaithe dáihte a chlárú, agus an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, a dhéanann teicneoirí éigeandála leighis, paramhíochaineoirí agus ard-pharamhíochaineoirí, tús leis an bpróiseas lena mbaineann comhcheangal a dhéanamh isteach in CORU. Tá gá athruithe reachtacha a dhéanamh chun an próiseas seo a thabhairt chun críche.

Sracfhéachaint ar CORU le linn 2010

- Ceapadh Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta
- Tabhairt chun críche threoirlínte na Comhairle do bhoird chlárúcháin maidir leis an méid seo a leanas:
 - cód iompair agus eitice gairmiúla
 - riachtanais le haghaidh cead agus monatóireacht cláir oideachais
 - riachtanais le haghaidh iarratas a chur isteach ar chlárúchán
 - riachtanais lena mbaineann inniúlacht ghairmiúil faoi shocruithe idirthréimhseacha a mheasúnú
 - aithint na gcáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát
 - riachtanais lena mbaineann cumas teanga
- Athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht, leasuithe a iarraidh i dtaca leis an méid a leanas:
 - ceapadh ball den Chomhairle
 - socruithe idirthréimhseacha le haghaidh cleachtóirí reatha
 - ábhair theicniúla
- Tabhairt chun críche agus ceadú an staidéir anailíse ar tháillí, leagan amach an struchtúir tháillí a bheartaítear
- Tabhairt chun críche agus ceadú an mhéid a leanas:
 - creatlach um rialachas corparáideach agus buanorduithe
 - bearta um rialú inmheánach airgeadais
 - straitéis cumarsáide
- Láithreán gréasáin arna sheoladh
- Clár rioscaí agus córas monatóireachta a bhunú
- Ceannteathrú chorparáideach in Áth an Ghainimh a fháil
- Dul chun cinn suntasach maidir le saincheistanna lena mbaineann líon na foirne

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Seo a leanas ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in 2010:

An Cathaoirleach:

- Margaret Hayes (thug sí a téarma oifige i gcrích i Márta 2010)
- Tom Jordan (a ceapadh in Márta 2010 le haghaidh téarma sé bliana).

Ball amháin ó gach ceann de na 12 ghairm ar a mbeidh rialú le déanamh:

- Seisear ball iomlán:

- Margaret Doyle (diatéitigh)
- Jacqui Barry-O’Crowley (eolaithe míochaine)
- Patricia Godwin (coslianna)
- Mitchel J Fleming (síceolaithe)
- Mark McEntee (radagrafaithe)
- Monica Egan (oibrithé sóisialta).

- Seisear ainmnitheach ag a bhfuil stádas breathnóra (a bhainfidh stádas iomlán ballraíochta amach nuair a dhéanfar an tAcht a leasú):

- Jill Long (fisiteiripeoirí)
- Odhrán Allen (teiripeoirí saothair)
- Libby Delap (ortoptaigh)
- David Power (oibrithé cúraim shóisialta)
- Maeve Murphy (teiripeoirí urlabhra agus teanga)
- John O Mullane (bithcheimiceoirí cliniciúla).

Duine amháin atá “freagrach as bainistíocht na hearnála poiblí sláinte, na hearnála poiblí cúraim shóisialta nó as bainistíocht an dá earnála”:

- Jackie Reed.

Duine amháin a dhéanann “ionadaíocht don bhainistíocht eagraíochta deonaí nó den earnáil phríobháideach a phléann leis an tsláinte nó le cúram sóisialta”:

- Tony Darmody.

Duine amháin a dhéanann “ionadaíocht do bhunaíochtaí tríú leibhéal oideachais a bhíonn páirteach in oideachas agus in oiliúint daoine i ndáil le cleachtadh na ngairmeacha ainmnithe agus atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta”:

- Ann Taylor.

Seisear daoine a dhéanann “ionadaíocht do leas an phobail ghinearálta agus a cheaptar le toiliú an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta”:

- Pat Quinlan
- Bernie Eustace
- Sharon Foley
- Michael Ronayne
- Stephen McMahon
- Julie Ling.

Triúr daoine ag a bhfuil “cáilíochtaí, spéiseanna agus taithí” a measann an tAire Sláinte agus Leanaí go mbaineann “fiúntas leo i dtaca leis an gComhairle agus a gcuid feidhmeanna á gcur i ngníomh acu”:

- Dorothy Donovan (appointed November 2010)
- Fionnuala Cook
- Patricia O’Connor.

Aistriúcháin iad an uile athfhriotal thuas ón Acht.

Le linn na bliana, d’iarr an Chomhairle ar leasuithe reachtacha d’fhonn ligean d’ainmnithigh na Comhairle, ag a bhfuil stádas breathnóra faoi láthair, bheith ina mbaill iomlána. Tá an obair seo ar siúl.

1. Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

1.1 Réamhrá an Chathaoirligh

Ar son na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ag CORU, is rí-dheas liom ár dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2010 a chur i láthair. Seo an tríú tuarascáil ó bunaíodh sinn in 2007. Cuireann sé gliondar croí orm a bheith in ann éachtanna suntasacha a fhógairt i dtreo ár gcuid cuspóirí a fhíorú – an pobal a chosaint trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhunú.

Is an-deas liom í seo a chur i láthair – mo chéad tuarascáil bhliantúil mar chathaoirleach na Comhairle ag CORU. D'éag téarma oifige ár gcéad chathaoirleach, Margaret Hayes, i Márta 2010. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a ghabháil léi as ucht a ceannasaíochta daingne. Is mór an onóir dom bheith roghnaithe le leanúint lena cuid sár-iarrachtaí agus an bhunchloch a leagan le haghaidh córas cóir agus tréan rialála.

Tá na hiarrachtaí seo ag dul chun ár leasa anois. Ba mhór-gharspíoc le haghaidh CORU é ceapadh Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta (SWRB) i Lúnasa 2010. Ba é seo an chéad Bhord Cláraitheachta de ghairmeacha a sonraíodh faoin Acht, agus déanann sé tús céime nua in obair CORU a mharcáil. Tá an Chomhairle agus an SWRB ag oibriú as lámh a chéile, agus Suzanne Quin ag feidhmiú mar chathaoirleach lánchumasach le cúrsaí a réiteach le haghaidh oscailt Chlár na nOibrithe Sóisialta in 2011.

Ceann d'fheidhmeanna na Comhairle is ea maoirsiú a dhéanamh ar obair na mbord cláraitheachta ag CORU mar aon leis an obair seo a chomhordú. D'fhonn réiteach le haghaidh todhcháí comhtháite rialála, d'fhorbair an Chomhairle réimse cuimsitheach creatlach in 2010 mar threoir do na boird chláraitheachta, lenar áiríodh:

- Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla
- critéir le haghaidh ceadú agus monatóireacht cláir oideachais agus oiliúna chun críche clárúcháin, lenar áiríodh na caighdeáin oilteachta lena bhfuil coinne go mbainfeadh céimithe nua amach
- riachtanais le haghaidh cur isteach ar chlárúcháin.

Ghlac an SWRB leo seo, agus le treoir agus le cáipéisí creatlaí eile a chur an Chomhairle i dtoll a chéile agus, amhail a cheanglaítear faoin Acht, tá tús curtha acu cheana le hiad a oiriúnú d'fhonn riachtanais shonracha ghairm na hoibre sóisialta a mheabhrú.

Chuir an Chomhairle leis an obair shuntasach seo chun an bonn a leagan trí Ráiteas Straitéise le haghaidh 2010-2012 a chur i dtoll a chéile. Déantar ann, achoimriú ar ár gcuid tosaíochtaí agus leagtar amach ann sraith cuspóirí, gníomhartha, spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta a chreidimid a thabharfaidh lámh chúnta do chaighdeáin an chúraim le haghaidh lucht úsáidte na seirbhíse san earnáil sláinte agus chúraim shóisialta a chur i dtreise.

Feidhm rithábhachtach eile den Chomhairle ag an gcéim thábhachtach seo i saolré na heagraíochta is ea struchtúir chorparáideacha agus córais tacaíochta a leagan atá tréan agus oiriúnach. Le linn 2010, chuireamar straitéisí corparáideacha, beartais agus nósanna imeachta i gcrích i limistéir rithábhachtacha ar nós na cumarsáide, an airgeadais, IT agus HR. Cabhraíonn córais thréana um

bainistíocht airgeadais do CORU na caighdeáin is airde de rialachas agus de thrédhearcacht a bhaint amach, agus le luach ar airgead a chur ar fáil le haghaidh na gcláraithe agus na gcáiníocóirí. Nuair a bheidh an uile bhord cláraitheachta i mbun feidhme, rachaimid chun cinn agus bheith féin-mhaoinitheach ar deireadh thiar.

Ina theannta sin, déanfar Bord na Radharceolaithe agus an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (PHECC) a chomhcheangal go luath le CORU. Chuir na trí eagraíocht tús le comhphróiseas pleanála d'fhonn aistriú gan deacrachtaí a chinntiú chomh luath agus is féidir in 2010.

Cuirtear in iúl féiniúlacht uathúil CORU mar rialtóir ilghairme sa láthair ina bhfuil siad suite agus sna hoifigí atá ann. Le linn 2010, d'éirigh leis an eagraíocht oifigí nua-aimseartha in Áth an Ghainimh a fháil, agus bogfaidh feidhmeannas CORU ann go luath in 2011. B'aoibhinn liom an deis seo a ghlacadh le buíochas ó chroí a ghabháil leis an NSWQB as a gcuid cineáltachta maidir le háit a chur ar fáil dúinn sna hoifigí ar Shráid Bhagóid dá gcuid ar feadh na gcianta, agus as a gcuid foirne as ucht a gcabhrach, a gcomhoibrithe agus as a gcuid cúirtéise.

Beimid in ann breis foirne a fhostú sa láthair nua le tacú lenár gcuid obair ríthábhachtach. Ghoill sé orainn in 2010 nach bhfuairamar ár leithdháileadh foirne lena raibh coinne, de bharr go mbaineann seo dár bplean uailmhianach oibre. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas ar chás soláthar foirne CORU an bhliain seo chugainn.

Ni bheadh oiread agus ceann amháin dár n-éachtaí in CORU inbhainte amach gan tiomantas agus dianobair bhaill na Comhairle ar leag a seirbhís dheonach ar choistí agus ar ghrúpaí oibre bonn chomh daingean sin faoin eagraíocht. Tacaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar aon lena foireann de bhaill thiomanta foirne leis an uile rud a dhéanann an Chomhairle agus cabhraíonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht linn go leor leor a bhaint amach. Ba mhian liom buíochas agus aitheantas na Comhairle a chur in iúl i leith an spreagtha agus na tacaíochta a thug an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, agus oifigigh Aonad Rialála Gairmiúla a Roinne le linn 2010.

Is deas liom a chur in iúl gur bhain an Chomhairle amach an uile riachtanas faoi Acht 1995 agus 2001 le linn 2010. Sa mhullach air sin, bhí an Chomhairle go hiomlán comhlíontach i dtaobh cúrsaí cánach de, agus chomhlíon siad an Cód Cleachtais le haghaidh Rialáil Comhlachtaí Stáit.

Cuirim an tuarascáil bhliantúil seo in bhur láthair go bróidiúil. Táim lán le brí agus le braistint nua dóchais, ag tnúth le bliain eile ina dtitfidh go leor imeachtaí amach le haghaidh CORU in 2011.



Tom Jordan

An Cathaoirleach

1.2 Cúlra

Rinneadh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 a rith in 2005. Déantar foráil san Acht le haghaidh córas rialála a bhunú do 12 ghairm shláinte agus chúraim shláinte. Is é an cuspóir an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shláinte. Ina measc siúd tá:

Bithcheimiceoirí Cliniciúla	Fisiteiripeoirí
Diatéitigh	Síceolaithe
Eolaithe Míochaine	Radagrafaithe
Teiripeoirí Saothair	Oibrithe Cúraim Shóisialta
Ortoptaigh	Oibrithe Sóisialta
Coslianna	Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Ligeann an tAcht don Aire Sláinte agus Leanaí breis gairmeacha a chur le sainchúram CORU.

Ceapfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí bord cláraitheachta le tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais d'fhonn go ndéanfar gach ceann de na gairmeacha a rialú. Comhlachtaí neamhspleácha a bheidh sna boird chláraitheachta ag a mbeidh síorchomharbas chomh maith lena séala féin.

D'fhonn bunú agus oibriú gan deacrachtaí an chórais rialála a bheartaítear, déantar foráil san Acht le haghaidh Comhairle neamhspleách a bhunú mar chomhlacht corparáideach. Beidh an Chomhairle, faoi dheoidh, féinmhaoinitheach nuair a bheidh na cláir arna mbunú agus nuair a bheidh siad i mbun feidhme. Baineann uathúlacht leis an gComhairle i gcóras reachtúil na hÉireann um ghairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta, de bharr gurb iad an t-aon rialtóir le breis agus gairm amháin á cumhdach.

Is éard atá sa Chomhairle ionadaí amháin ó gach ceann de na gairmeacha a bheidh le rialú, chomh maith le tuata comhfhreagrach. D'fhonn a chinntiú gur tuataí iad an tromlach i gcónaí, is ball tuata an cathaoirleach freisin.

I measc ceann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí boird chláraitheachta chomh maith le hiad a chomhordú d'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú sa chóras rialála. D'fhorbair an Chomhairle sraith creatlach agus treoirlínte le haghaidh boird chláraitheachta a chabhróidh leo tosú le clárúchán a ngairmeacha chomh luath agus is infheidhmithe tar éis a gceaptha.

Ceanglaítear, freisin, san Acht ar an gComhairle chun an tacaíocht chuí riaracháin a thabhairt do bhoird chláraitheachta. Ba cheann de phríomhghníomhaíochtaí na Comhairle in 2010 struchtúir chorparáideacha agus socrúithe rialachais a bhunú a thacóidh le boird chláraitheachta agus iad i mbun a gcuid oibre.


Misean

Déanann misean CORU cur síos ar fheidhm ghinearálta na heagraíochta. Luaitear in Alt 7 den Acht HSCP 2005 gurb amhlaidh a leanas cuspóir CORU: “an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe”.

Tá príomhfheidhm na heagraíochta le clárúchán reachtúil na 12 ghairm ainmnithe in Acht 2005 a bhunú, mar bhonn agus taca le misean na heagraíochta trí thabhairt faoin méid a leanas:

- cláir le haghaidh gach ceann de na 12 ghairm
- caighdeáin a bhunú san oideachas, i gcóid iompair, i bhfeidhmíocht agus in eitic
- a chinntiú gurb “oiriúnach agus cuí” gach cláraí, amhail a shonraítear san Acht
- breis gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta tar éis cheadú an Aire Sláinte agus Leanaí a fháil
- feidhmiú a gcumhachta forfheidhmithe trí bheith oiriúnach le próisis agus cosaint teidil ghairmiúla a chleachtadh.

Struchtúr na heagraíochta



1.3 Ullmhú le haghaidh clárúcháin

Ceapadh bord cláraitheachta

Tugann an tAcht freagracht do gach bord cláraitheachta as tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais lena mbaineann an ghairm a dhéantar a rialú. De bharr go ndéanann an tAire gach bord cláraitheachta a cheapadh, níl an Chomhairle freagrach go díreach as na feidhmeanna seo, agus ina ionad sin, tá acu na feidhmeanna maoirsithe agus comhordaithe ar an iomlán. I measc obair na Comhairle in 2010 bhí córais agus creatlacha um thacaíocht chorparáideach a fhorbairt a thabharfaidh treoir do na boird chláraitheachta agus iad i mbun a gcuid freagrachtaí.

Cheap an tAire an chéad cheann de na boird, Bord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta i Lúnasa, 2010.

Toghadh Suzanne Quin ina cathaoirleach ag an gcéad chruinniú a bhí ag an mbord seo i mí Mheán Fómhair. Tá coinne leis go n-osclófar clár na n-oibreoirí sóisialta sa chéad leath de 2011. Sonraítear tuarascáil bhliantúil Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta i mír 2 den cháipéis seo.

Chuaigh an Roinn, ag deireadh na bliana, sa tóir ar ainmnithigh le haghaidh Bhord Cláraitheachta na Radagraifithe. Tá coinne leis go gceapfaidh an tAire an bord in 2011.

Creatlacha agus treoirlínte le haghaidh boird chláraitheachta

Amhail a luadh cheana, tá sé de chuspóir ag an gComhairle boinn dhaingne a fhorbairt a chabhróidh le boird chláraitheachta, a luaithe a cheapfar iad, bheith i mbun feidhme a luaithe agus is féidir. Cabhraíonn feidhm mhaoirseachta na Comhairle chun treoirlínte a eisiúint do bhoird chláraitheachta maidir le fodhlíthe a dhéanamh atá mar bhonn agus taca leis na riachtanais le haghaidh clárúcháin. Chuir an t-ionchur a gnóthaíodh in 2010 trí chomhairliúchán lena bhain na struchtúir seo léargas fiúntach ar fáil agus thug sé don Chomhairle tréanbhonn ar ar féidir córas nua-aimseartha rialála a fhorbairt.

Riachtanais le haghaidh clárúcháin

Rinne an Chomhairle, faoi stiúr a gCoiste Clárúcháin, mór-breithniú ar an bpróiseas iarratais ar chlárúchán le haghaidh iarratasóirí, agus ar an méid faisnéise ar gá dóibh cur ar fáil. Ní mór don fhaisnéis seo bheith leordhóthanach, ábhartha agus cruinn d'fhonn ligean do bhoird chláraitheachta a dheimhniú cibé acu an sásaíonn nó nach sásaíonn iarratasóirí na riachtanais a theastaíonn le haghaidh clárúcháin a leagtar amach in Alt 38 agus in Alt 91 den Acht. Cuimsítear riachtanais sa treoir, a d'eascair as seo, lena mbaineann:

- faisnéis phearsanta agus teagmhála
- cáilíochtaí
- stair ghairme
- cruthúnas i dtaobh chleachtadh na gairme, sa chás inarb infheidhme é
- chomh maith le sonraí nach mór bheith le sonrú ar an gcáipeisíocht is gá d'iarrthóirí a chur ar fáil in éineacht lena n-iarratas.

Chaith an Chomhairle dua ag breithniú ar “oiriúnach agus cuí” a shainmhíniú agus ar chritéir a dheimhniú le hoiriúnacht agus le cúúlacht iarratasóra a dhéanamh amach. Measadh go n-áireofaí dearbhuithe sláinte agus carachtair, dearbhú reachtúil agus grinnfhiosrúchán na nGardaí leis seo.

Ceadaigh an Chomhairle nótaí cuimsitheacha treorach in 2010 a bhí in ainm is cabhrú le hiarratasóirí foirmeacha iarratais a chomhlánú.

Leithdháileadh cúnaimh (“grandparenting”)

Rinne an Chomhairle breithniú ar an idirthréimhse a theastaigh le ligean do chleachtóirí iarratas a chur isteach ar chlárúchán. Tugtar leithdháileadh cúnaimh (“grandparenting”) ar an idirthréimhse seo.

Déantar foráil san Acht go mairfidh an tréimhse leithdháilte ar feadh dhá bhliain ó dháta oscailte gach cláir. I ndiaidh na tréimhse seo, ní bheidh ach iad siúd ag a bhfuil cáilíocht a ceadaíodh ag fódhlí incháilithe le hiarratas a chur isteach ar chlárúchán.

Cabhróidh an tréimhse leithdháilte le daoine a bhí i mbun cleachta ag tráth ar bith sna cúig bliana roimh oscailt na gclár, agus iad siúd a shásaíonn roinnt critéar, iarratas a chur isteach ar chlárúchán. D’fhorbair an Chomhairle treoir le haghaidh boird chlárúcháin maidir le hiarratais a mheasúnú i dtaobh cleachtóirí reatha a iarrann ar chead clárúcháin ach nach bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní cheadófar acu daoine atá clárúcháin leis an mBord Cuí Clárúcháin ag CORU a cheadú go dleathach le leas a bhaint as na teidil ghairmiúla a liostaítear san Acht.

Cód iompair agus eitice gairmiúla

D’fhorbair an Chomhairle, faoi stiúir an Choiste um Oiriúnacht chun Cleachta (‘Fitness to Practise’), cód cineálach iompair agus eitice a áiríonn leis caighdeán feidhmíochta le haghaidh na 12 ghairm a ainmnítear san Acht. Meastar go bhfuil baint lárnach aige seo le cuspóir na Comhairle, leagtar amach sa Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla (an Cód) an t-iompar agus na caighdeán feidhmíochta lena bhfuil coinne i measc clárúcháin i limistéir ar nós meas a bheith ar chearta agus ar dhínit úsáideoirí seirbhíse, cuntasáocht ghairmiúil a léiriú, gníomhú ar mhaithe le leas úsáideoirí agus taifid chruinne a choimeád. Tá an Cód cineálach in ainm agus treoir a thabhairt do bhoird chlárúcháin, eolas a chur ar fáil d’fhorbairt fódhlíthe nuair atá coinníollacha, atá sonracha i dtaobh gairmeacha de, leis na forálacha atá ann. Ní mór d’iarratasóirí ar chlárúchán a dhearbhu gur léigh siad agus gur thuig siad an Cód atá sonracha ó thaobh gairmeacha de agus aontú go gcomhlíonfaidh siad a bhfuil ann.

Amhail obair uile na Comhairle den saghas seo, tugadh tús áite do chomhairliúchán. Bhí an cheardlann deiridh comhairliúcháin ar siúl in Eanáir 2010, agus bhí baint ag baill den Chomhairle ann, ag ionadaithe ó na 12 ghairm mar aon le hainmníthigh ón PHECC agus ó Bhord na Radharceolaithe, chomh maith leis an Údarás Iomaíochta (ceanglaíonn an tAcht ar an Údarás Iomaíochta ionchur a bheith acu i bpróisis CORU, agus monatóireacht a dhéanamh ar aon tionchar féideartha ar shaincheisteanna iomaíochta). Rinne iad siúd a bhí rannpháirteach breithniú ar mhíreanna eitice, feidhmíochta agus iompair an dréachtchóid, agus rinne siad tosaíochtaí a shainithint. Rinne an Coiste um Oiriúnacht chun Cleachta athbhreithniú ar an aiseolas um an gcomhairliúchán agus d’aontaigh siad ar théacs deiridh, a ceadaigh an Chomhairle i bhFeabhra 2010. Rinneadh bonn phróiseas fódhlí an SWRB den Chód cineálach i Samhain 2010 a thabharfaidh an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla d’Oibríthe Sóisialta chun críche an bhliain seo chugainn.

Aithint cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát

Déantar foráil san Acht le haghaidh sainiú bord cláraitheachta mar údaráis inniúla le Treoir an AE 2005/36/CE a chur chun feidhme, a bhronnann an fhreagracht orthu as aithint cáilíochtaí gairmiúla a baineadh amach lasmuigh den Stát. D'fhorbair an Chomhairle creatlach leis an bpróiseas aitheanta a threorú do gach ceann de na 12 ghairm a ainmnítear san Acht le treoir óna gCoiste Cláraitheachta.

D'oibrigh CORU, in 2010, leis an Roinn, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), Comhlachas Oibríthe Cúraim Shóisialta na hÉireann, Cumann Oidí um Chúram Sóisialta na hÉireann agus leis an Comhlachas na mBainisteoirí Cónaitheacha ('Resident Managers' Association') le córas a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí neamhnáisiúnta le haghaidh oibríthe cúraim shóisialta. Tá an obair seo le tabhairt chun críche in 2011.

Leasuithe reachtacha

Le linn 2010, d'iarr an Chomhairle ar leasuithe reachtacha lenar bhain an méid a leanas:

- riachtanais clárúcháin le haghaidh iarratasóirí atá ag iarraidh le fillleadh ar an gcleachtadh
- riachtanais cleachta le haghaidh cleachtóirí reatha ag a bhfuil iarratas á chur isteach le linn na hidirthréimhse dhá bhliain
- riachtanais lenar bhain eolas ar an teanga a theastaíonn chun an ghairm a chleachtadh sa Stát.

Anailís ar struchtúr na dtáillí

Deimhnítear san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 nach mór do CORU bheith ina n-eagraíocht fhéinmhaoinitheach, ionas nach mbeidh siad ina n-ualach ar an státchiste. Cheadaigh an Chomhairle anailís ar struchtúr na dtáillí in 2010, ina leagtar amach struchtúr beartaithe na dtáillí don eagraíocht. Bunaíodh cinní CORU ar thaighde a rinne eacnamaithe neamhspleácha ar struchtúir tháillí agus ar chostais rialtóirí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An bhaint i bhforbairt gairmeacha atá ag réiteach le haghaidh clárúcháin

D'fhorbair CORU a bhfor-rochtain in 2010 do na gairmithe atá le bheith á rialú trí chur i láthair a dhéanamh ar obair CORU ag comhdhálacha cuí gairme.

1.4 Oideachas

Ceadú agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna

Rinne an Chomhairle maoirsiú ar fhorbairt creatlaí le haghaidh boird chláraitheachta ina leagtar amach riachtanais le haghaidh ceadú agus monatóireacht ar chlár oideachais agus oiliúna. Tá na riachtanais seo in ainm is a chinntiú go mbaineann aon duine a chomlánaíonn clár ceadaithe na caighdeáin chomhaontaithe oilteachta amach, agus go bhfuil an duine sin incháilithe le cur isteach ar chlárúchán.

Agus an chreatlach seo á forbairt, bhí sé ina chuspóir ag an gComhairle próiseas éifeachtach a fhorbairt a d'oir don obair a bhí á déanamh ag soláthraithe oideachais, d'fhonn dúbailt neamhriachtanach oibre a sheachaint. D'fhonn eolas a chur ar fáil d'fhorbairt an chuir chuige chomhoibrithigh seo, fuair an Chomhairle ionchur ó bhreis agus 50 páirtí leasmhar, lena áiríodh comhlachtaí gairmiúla, rialtóirí eile, soláthraithe oideachais, gníomhaireachtaí rialtais agus fostóirí.

Cuimsítear sna riachtanais seo le haghaidh ceadú agus monatóireachta ar chlár oideachais agus oiliúna critéir, le táscairí a bhaineann leis an méid a leanas:

- leibhéal na gcáilíochtaí le háit a bhaint amach ar an gclár
- glacadh an chlár
- bainistíocht agus acmhainní an chlár
- curaclam
- socrúcháin chleachtais
- measúnú.

Ina theannta sin, leagtar amach sa chreatcháipéis na caighdeáin oilteachta a theastaíonn le haghaidh clárúcháin faoi shé fhearann. Caighdeáin tairsí iad seo le haghaidh cleachtadh sábháilte agus éifeachtach nach mór don uile chéimí bheith in ann a bhaint amach tar éis an clár oideachais a chríochnú. Caighdeáin chineálacha iad na creatchaighdeáin a d'eisigh an Chomhairle do na boird chláraitheachta agus ní mór don uile ghairm iad a bhaint amach. Déanfaidh gach bord cláraitheachta caighdeáin bhreise a áireamh, ansin, a bhaineann go sonrach leis an ngairm, a dhéantar a chatagóiriú faoi shé fhearann.

Tá páirt lárnach ag na caighdeáin i gclárúchán céimithe a bhaineann a gcáilíocht amach sa Stát, agus cuireann siad bonn agus taca faoi mheasúnú comhionannais freisin le haghaidh aithint na gcáilíochtaí a bhaintear amach lasmuigh den Stát. Réiteoidh an Chomhairle, amach anseo, treoir le haghaidh soláthraithe oideachais d'fhonn lámh chúnta a thabhairt dóibh maidir le réiteach le monatóireacht a dhéanamh ar chlár oideachais agus oiliúna mar aon le hiad a cheadú.

1.5 Gníomhaíochtaí eile

Aistriú eagraíochtaí eile chuig CORU

Ceanglaítear san Acht ar Bhord Náisiúnta na gCáilíochtaí d'Obair Shóisialta (NSWQB) a chomhchuisiú in CORU chomh luath agus a chuirtear chun feidhme an chreatlach riachtanach dhlíthiúil. Rinneadh an t-aistriú a bhí sceidealaithe le haghaidh Bhealtaine 2010, a athsceidealú go dtí an 31 Márta 2011.

Tá an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal, a dhéanann teicneoirí éigeandála míochaine, paramhíochaineoirí agus ard-pharamhíochaineoirí a rialú, chomh maith leis an mBord Radharceolaithe, a dhéanann optaiméadraithe agus radharceolaithe dáilte a rialú sceidealaithe le comhcheangal le CORU.

Corporáid

Ráiteas Straitéise 2010-2012

Le linn na bliana, ghlac an Chomhairle lena Ráiteas Straitéise le haghaidh na tréimhse 2010-2012. Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas, a cuireadh i dtreise ag próiseas comhairliúcháin, ar threoir straitéiseach na Comhairle trí fhís na heagraíochta a shainithint do na blianta amach anseo agus na tosaíochtaí straitéiseacha a dhéanfaidh na tosaíochtaí straitéiseacha a chuirfidh faisnéis ar fáil dá gcuid gníomhaíochtaí sna trí bliana amach romhainn.

Cuimsítear sa Ráiteas Straitéise seacht limistéar tosaíochta straitéise a bhaineann le príomhghníomhaíocht CORU chun an pobal a chosaint, caighdeán aitheanta a chur chun feidhme i gcleachtadh agus in oideachas na ngairmeacha a dhéantar a rialáil san Acht mar aon le héifeachtacht eagraíochtúil a thógáil. Úsáideadh cur chuige um scórchárta ualaithe i bhforbairt príomhtháscairí feidhmíochta a fheidhmeoidh chun éifeachtacht CORU a thomhas maidir leis an straitéis a chur chun feidhme.

Cód Rialachais Chorparáidigh

De réir Chuid 2 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, d'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle Cód Rialachais Chorparáidigh in 2010. Cuimsítear sa Chód na próisis agus na nósanna imeachta a theastaíonn chun an méid a leanas a chinntiú:

- feidhm na heagraíochta agus gur soiléir iad na torthaí a bhfuil súil acu a bhaint amach
- go bhfuil cur síos soiléir ar fheidhmeanna agus ar ról ann chomh maith le leithdháileadh soiléir cuntasaíochta
- téann an comhlacht i mbun bearta le toilleadh agus le cumas a fhorbairt le haghaidh éifeachtachta
- cinntí eolacha agus trédhearcacha iad an uile chinneadh, agus an aird chuí arna tabhairt ar bhainistíocht riosca
- leagtar amach riachtanais agus go mbaintear iad siúd amach.

Tá an Chomhairle tiomanta d'fheidhmiú i leith na gcaighdeán is airde de rialachas corparáideach éifeachtúil agus éifeachtach agus riachtanais a reachtaíochta rialála á mbaint amach. Tuigtear gur rud éabhlóideach atá i gceist le dea-chleachtas i limistéar an rialachais agus gur gá do chaighdeán rialachais freagairt don timpeallacht athraitheach ina n-oibríonn an Chomhairle.

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCód chomh maith le hé a nuashonrú nuair is cuí de réir fhorbairt na heagraíochta agus aon cheanglais nua bhreise den earnáil phoiblí.

An Caidreamh idir Boird Cláraitheachta agus an Chomhairle

Baineann gné uathúil le CORU de bharr go bhfuil ag an gComhairle feidhm mhaoirseachta agus chomhordaithe ar na boird chláraitheachta, ar comhlachtaí corparáideacha iad ina gceart féin. Tá sé ríthábhachtach, ar an ábhar sin, go ndéantar conas mar a oibreoidh an caidreamh seo i gcleachtas a léiriú go soiléir. D'fhorbair agus cheadaigh an Chomhairle cáipéis bhreise rialachais ina sonraítear an caidreamh idir an Chomhairle agus na Boird Chláraitheachta in 2010. Déanfaidh Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais CORU an cháipéis seo a athbhreithniú gach bliain laistigh de chomhthéacs bheartas iomlán rialachais chorparáidigh na Comhairle.

Acmhainní Daonna

Soláthar foirne agus saincheisteanna forbartha

Cuid mhór de shainchúram CORU is ea córais dhaingne agus chuimsitheacha a fhorbairt, agus lena chinntiú go bhfuil siad curtha chun feidhme sula gceaptar na boird chláraitheachta. Déanfaidh cur i gcrích na dtascanna seo an ceanglas a íoslaghdú ar gach bord cláraitheachta a gcuid próiseas féin a chumadh, chomh maith le coigiltí a chur ar fáil trí bhuntáistí costais a bheidh le baint a luaithe a bheidh na boird chláraitheachta arna mbunú agus i mbun feidhme.

Bhí tionchar ag dúshláin sa gheilleagar náisiúnta ar luas forbartha CORU in 2010. Thosaigh an eagraíocht amach sa bhliain agus cúig phost bhuana ann. Chuir moilleanna ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) cosc ar CORU ó ceithre phost bhuana sa bhreis a fháil trí fheidhm a bhaint as seirbhís phoiblí athuair. Chuir an mhoill ar an gcumasc leis an NSWQB, agus moill ar aistriú a bhfoirne, dá bhrí sin, le dúshláin CORU acmhainní a chur ar fáil.

Cumarsáid

Straitéis Cumarsáide 2010-2012

Cheadaigh an Chomhairle straitéis cumarsáide ina leagtar amach conas a dhéanfaidh CORU idirghníomhú leis an uile pháirtí leasmhar.

Láithreán Gréasáin

Cuireadh láithreán gréasáinm CORU, www.coru.ie, beo ar an idirlíon in 2010. Tá air cuma fhíseach gheal agus nua-aimseartha chomh maith le struchtúr éifeachtach atá inrochtana agus furasta le húsáid. De réir phríomhluachanna CORU na hoscailteachta agus na freagrachta, agus ar aon dul lena straitéis cumarsáide, beidh a mhéad faisnéis is féidir ar fáil go furasta ar líne. Cuirtear faisnéis i láthair i bhfriotal neamhchasta agus sothuigthe. Ligeann an láithreán gréasáin do CORU cumarsáid a dhéanamh lena lucht leanta go héifeachtach, agus acmhainn thábhachtach faisnéise a chur ar fáil le haghaidh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i gcomhthráth. Thug thart ar 800 duine cuairt ar an láithreán gréasáin gach mí in 2010, agus ba chuartheoirí nua iad an leath díobh seo.

Cumarsáid i mBéarla neamhchasta

D'oibrigh CORU leis an Áisíneacht Náisiúnta Lítearthachta d'Aosaigh lena chinntiú go ndéanann siad a gcumarsáid leis an bpobal i mBéarla neamhchasta.

“Sábháilteacht Othar ar dTús”

Sheol an Roinn Sláinte agus Leanaí a gcéad fheachtas “Sábháilteacht Othar ar dTús” i bhFómhair 2010, ar aon dul leis na moltaí a rinneadh i dTuarascáil Madden ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhú Cáilíochta. Comhpháirtí atá in CORU sa tionscnamh múscaillte feachtaseo,

trína ndearbhaíonn na heagraíochtaí cúraim shláinte a dtiomantas leanúnach i leith sábháilteacht othar. Trí bheith rannpháirteach sa tionscnamh, léiríonn CORU a dtiomantas i leith tús áite a thabhairt do shábháilteacht othar, agus tá siad rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme tionscnamh um shábháilteacht othar.

ICT

Braitheann córas nua-aimseartha rialála ar infheistíocht fhónta i dteicneolaíocht. Thug an Chomhairle faoi mhórphróiseas taighde agus forbartha in 2010 d'fhonn riachtanais ICT a shainaithint a bheidh oiriúnach do chastacht na riachtanas amach anseo. Beidh fáil ar chlárúchán ar líne do gach ceann de na 12 chlár agus beidh baill den phobal in ann an clár ar líne a sheiceáil féachaint an bhfuil a ngairmí sláinte agus cúraim shóisialta cláraithe nó nach bhfuil. Tá coinne leis go dtitfidh fáil agus ceannach amach go luath san athbhliain, agus go mbeidh an córas i mbun lánfheidhme faoi thráth déanach in 2011.

Cóiríocht

D'aontaigh an Chomhairle oifigí CORU a aistriú go dtí foirgneamh spásúil, geal agus nua-aimseartha in Áth an Ghainimh i Nollaigh 2010, agus níor chosnaigh sé seo faic sa bhreis ar an státchiste. Beidh CORU ann in ionad an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a d'fhág an foirgneamh seo go luath in 2009. Tá sé ar na bacáin ag CORU aistriú go dtí Áth an Ghainimh go moch in 2011.

Comhoibriú le rialtóirí eile sláinte agus cúraim shóisialta

Le linn 2010, chuir CORU i dtreise a naisc le rialtóirí eile sláinte agus cúraim shóisialta trína rannpháirtíocht san Fhóram Rialála um Shláinte agus Cúraim Shóisialta (HSCRF). D'eagraigh an HSCRF a gcéad fóram rialála idirghníomhaireachta i nDeireadh Fómhair 2010 agus tá siad, freisin, ag fiosrú conas is féidir le rialtóirí oibriú as lámh a chéile le luach níos fearr ar airgead a fháil i limistéar na cosanta poiblí.

Lean CORU, in 2010, lena trean-naisc leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte sa RA ('Health Professionals Council'), a dhéanann 10 gcinn as na 12 ghairm a rialáil atá sainithe san Acht, agus leis an gComhairle Cúraim Shóisialta ('Northern Ireland Social Care Council') i dTuaisceart Éireann, atá freagrach as clárúchán oibríthe sóisialta agus cúraim shóisialta i dTuaisceart Éireann.

Ina theannta sin, bhí CORU rannpháirteach leis an ngrúpa atá ar fud na hEorpa, Health Professionals Crossing Borders, a oibríonn le gluaiseacht na ngairmithe ar fud na hEorpa a fheabhsú. D'fhorbair CORU naisc leis an gComhairle um Dheonú Ceadúnas, Forfheidhmiú agus Rialú (CLEAR). Cuireann CLEAR sármhaitheas rialála chun cinn trí chomhroinnt dea-chleachtas a spreagadh chomh maith le tacú leis an bpobal idirnáisiúnta rialála mar aon lena rannpháirtíocht ríthábhachtach le cosaint phoiblí trí chomhdhála, clár oideachasúla, deiseanna líonraithe, foilseacháin agus seirbhísí taighde a chur ar fáil dóibh siúd ag a bhfuil páirt le rialú gairmiúil agus saothair nó ar a mbíonn tionchar aige seo.

Ball é CEO CORU de Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach Gníomhaireachtaí Stáit (ACESA).

Tugann rannpháirtíocht CORU sna comhlachtaí uile seo an deis don eagraíocht rochtain a fháil ar thacaíocht, eolas, faisnéis agus saineolas fairsing agus ábhartha i rialáil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta atá faoina sainchúram.

1.6 Coistí na Comhairle 2010

Thionóil Comhairle CORU sé huair in 2010, agus bhí tromlach na mball ag fónamh ar Choistí na Comhairle freisin (feic thíos). Maidir le freastal ar chruinnithe na Comhairle, feic aguisín 1. D'fhóin John Mullane mar ainmnitheach na heagraíochta do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Ag deireadh na bliana b'ann do chúig Choiste den Chomhairle a bhí ag feidhmiú sna limistéir a leanas:

- Airgeadas agus Luach Saothair
- Iniúchadh, Riosca agus Rialachas
- Clárúchán
- Oideachas agus Oiliúint
- Oiriúnacht chun Cleachta.

Díríodh obair na ngCoistí go príomha ar shaincheistean a chur chun cinn lenar bhain clárúchán, oideachas agus tacaíocht chorpáraideach, amhail a shonraítear i míreanna 3, 4, agus 5 den tuarascáil bhliantúil.

Eochair maidir le freastal

✓ : arna fhreastal x : leithscéalta nó as láthair N : gan bheith ar an gcoiste

An Coiste Airgeadais agus Luach Saothair

Feidhm: Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus sholáthar foirne CORU.

Ballraíocht: Pat Quinlan (cathaoirleach), Tony Darmody, Mitchel Fleming, Jacqui Barry O'Crowley.

Príomhghníomhaíochtaí:

- An plean bliantúil gnó agus an buiséad bliantúil arna bhforbairt. Bhunaigh an Chomhairle a bplean bliantúil ar Dheontas €0.962 milliún a leithdháil an tOireachtas in 2010. Ar a shon sin, ba é €0.719 milliún an deontas a fuarthas i nDeontas an Oireachtais le haghaidh 2010.
- Maoirsiú a dhéanamh ar an gcóras buiséadaithe agus tuairiscithe cuntas bainistíochta.
- Nósanna imeachta agus rialáil um bainistíocht airgeadais a fhorbairt.
- Struchtúr cuí na dtáillí a mholadh.
- Na moltaí a thabhairt ar luach saothair an CEO don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar aon dul le hathruithe ar an tseirbhís phoiblí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar íocaíocht tháille an Chathaoirligh.

Freastal:

Ainm/dáta	2 Fe	24 Fe*	27 Ai*	18 Me*	30 M.F.	19 Sa
Pat Quinlan (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Tony Darmody	✓	✓	✓	X	✓	X
Mitchel Fleming	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Jacqui Barry O'Crowley	✓	X	✓	X	✓	X

* trí theileachomhdháil

An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais

Feidhm: Athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na gcóras airgeadais, rialáil imheánach, faisnéis oibríochta, athbhreithniú ar phróisis rialachais chorparáideacha agus ar chórais bhainistíochta riosca.

Ballraíocht: Sharon Foley (Cathaoirleach), Tim Dalton, Vincent McCabe, Stephen McMahon.

Príomhghníomhaíochtaí:

- An méid a leanas a thabhairt chun críche: An clár rioscaí agus an córas um shainaithint agus monatóireacht riosca, an Cód Rialachais Chorparáidigh chomh maith leis an gcóras a thabhairt chun críche lena athbhreithniú agus le monatóireacht a dhéanamh air.
- An próiseas a réadtiomnú le haghaidh iniúchadh inmheánach, le haghaidh na gcuntas agus an iniúchta seachtraí ag deireadh na bliana.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a cuireadh i gcrích maidir le caidreamh na mbord clárúcháir leis an gComhairle.

Freastal:

Ainm/dáta	18 Fe	14 Ai	24 Be	4 D.F.
Sharon Foley (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓
Tim Dalton	X	✓	✓	✓
Vincent McCabe	✓	✓	✓	✓
Stephen McMahon	X	✓	X	✓*

* trí theileachomhdháil

An Coiste Clárúcháin

Feidhm: An chreatlach a fhorbairt a chuirfidh faisnéis ar fáil do na próisis chlárúcháin mar aon le tacú leis na boird chlárúcháir leis na cláir a bhunú; comhairle a thabhairt ar fhorbairt beartas lena mbaineann clárúchán agus aithint cáilíochtaí.

Ballraíocht: Mark McEntee (Cathaoirleach), Margaret Doyle, Mitchel Fleming, Jill Long, Jacqui Barry-O’Crowley, David Power.

Príomhghníomhaíochtaí:

- Moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir le grinmfhiosrúchán na nGardaí, critéir maidir le “oiriúnach agus cuí”, lena n-áirítear dearbhuithe sláinte agus carachtair, nósanna imeachta leithdháilte (“grandparenting”), beartas lena mbaineann eolas teangeolaíoch agus aithint cáilíocht a baineadh amach lasmuigh den Stát.
- Moltaí a eisiúint ar chruthúnas cleachtaidh, ábhair lena mbaineann foirmeacha iarratais, dearbhuithe reachtúla, saincheisteanna um fhilleadh ar an gcleachtadh agus saincheisteanna lena mbaineann cosaint sonraí.

Freastal:

Ainm/dáta	1 Fe	25 Má	18 Me	16 M.F.
Mark McEntee (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓
Margaret Doyle	X	X	✓	✓
Mitchel Fleming	✓	✓	✓	✓
Jill Long	✓	✓	X	✓
Jacqui Barry O’Crowley	✓	X	X	✓
David Power	✓	✓	X	✓

An Coiste Oideachais agus Oiliúna

Feidhm: Beartais a mholadh, comhairle a thabhairt maidir le déanamh rialacha agus treoirínte chomh maith le saincheisteanna lena mbaineann an t-oideachas a shainnithint chun críche clárúcháin, lena n-áirítear ceadú oideachais agus próisis athbhreithnithe, caighdeáin san oideachas agus san oiliúint, mar aon le caighdeáin oilteachta.

Ballraíocht: Ann Taylor (Cathaoirleach), Odhrán Allen (ó Nollaig ar aghaidh), Margaret Doyle, Monica Egan, Bernie Eustace (ó Bhealtaine ar aghaidh), Mark McEntee, Jackie Reed.

Príomhghníomhaíochtaí: An chreatlach um monatóireacht agus ceadú le haghaidh cúrsaí oideachais agus oiliúna a chur i gcrích, lena n-áirítear caighdeáin oilteachta agus athbhreithniú ar na cáilíochtaí a theastaíonn a baineadh amach lasmuigh den Stát.

Freastal:

Ainm/dáta	4 Má	29 Me	28 M.F.	4 Sa
Ann Taylor (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓
Odhrán Allen**	N	N	N	✓
Margaret Doyle	✓	X	✓	✓
Monica Egan	✓	✓	X	X
Bernie Eustace*	N	X	✓	✓
Mark McEntee	X	✓	✓	X
Jackie Reed	✓	X	✓	X

* Ghabh Bernie Eustace leis an gCoiste an 13 Bealtaine.

** Rinneadh ainmniú Odhrán Allen leis an gCoiste a cheadú an 2 Nollaig.

An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachta

Feidhm: An chreatlach um Oiriúnacht chun Cleachta a fhorbairt, lena n-áirítear treoir a eisiúint ar an gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla, comhairle a thabhairt ar fhorbairt beartas, agus saincheisteanna a shainnithint in ábhar lena mbaineann oiriúnacht chun cleachta.

Ballraíocht: Monica Egan (Cathaoirleach), Patricia Godwin, Jill Long, Patricia O'Connor (ó Bhealtaine ar aghaidh), David Power.

Príomhghníomhaíochtaí: Creatlach an Chóid Iompair agus Eitice Gairmiúla a fhorbairt.

Freastal:

Ainm/dáta	29 Ean
Monica Egan (Chair)	✓
Patricia Godwin	✓
Jill Long	✓
Patricia O'Connor*	N
David Power	✓

* Ghabh Patricia O'Connor leis an gCoiste an 13 Bealtaine.

1.7 Grúpaí Oibre na Comhairle 2010

Díscaoileadh dhá ghrúpa oibre de chuid na Comhairle tar éis a gcuid oibre a thabhairt i gcrích le linn 2010. Ba iad:

- An Grúpa Oibre um Fhorbairt Straitéisí: arna dhíscaoileadh i Márta 2010 tar éis Ráiteas Straitéise agus Straitéis Cumarsáide CORU a thabhairt i gcrích.
- Grúpa Oibre um Rialachas Corparáideach: arna dhíscaoileadh i nDeireadh Fómhair 2010 tar éis na socrúithe rialachais a dheimhniú a chuirfear i bhfeidhm idir na boird chlárúcháin agus an Chomhairle.

An Grúpa Oibre um Fhorbairt Straitéisí:

Feidhm: Comhairle a thabhairt ar an bpróiseas forbartha straitéisí.

Ballraíocht: Fionnuala Cook (Cathaoirleach), Sinéad Boyle, Sharon Foley (a d'éirigh as i Márta), Mary Griffin, Ginny Hanrahan, Julie Ling, Maeve Murphy, Michael Ronayne (ó Bhealtaine ar aghaidh).

Príomhghníomhaíochtaí: Treoir a thabhairt ar an bpróiseas forbartha straitéisí.

Freastal:

Aimn/dáta	25 Má	14 Ai	11 Me***
Fionnuala Cook (Chair)	✓	✓	✓
Monica Egan	✓	X	X
Libby Delap	✓	X	X
Sharon Foley**	✓	N	N
Julie Ling	X	X	X
Maeve Murphy	✓	✓	✓
Michael Ronayne*	N	N	✓

*Ghabh Michael Ronayne leis an nGrúpa Oibre an 13 Bealtaine. ***trí theileachomhdháil

**D'éirigh Sharon Foley as an 25 Márta.

Grúpa Oibre um Rialachas Corparáideach

Feidhm: Comhairle a thabhairt ar na socrúithe rialachais a theastaíonn le maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar obair bord cláraitheachta, agus le cumarsáid chúil idir an Chomhairle agus na boird a mholadh.

Ballraíocht: Mitchel Fleming (Cathaoirleach), Fionnuala Cook, Jackie Reed, Margaret Doyle.

Príomhghníomhaíochtaí: An cháipéis um rialachas corparáideach arna réiteach maidir leis an gcaidreamh idir na boird chláraitheachta agus an Chomhairle a bhí le glacadh ag an gComhairle.

Freastal:

Name / date	19 Iúil	8 M.F.
Mitchel Fleming (Chair)	✓	✓
Fionnuala Cook	✓	✓
Margaret Doyle	✓	✓
Jackie Reed*	✓	✓

* trí theileachomhdháil

2. Tuarascáil Bhord Cláraitheachta na nOibreoírí Sóisialta

2.1 Réamhrá an Chathaoirligh

Is rí-dheas liom, mar chathaoirleach an chéad bhoird chláraitheachta a ceapadh faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), céad tuarascáil bhliantúil Bhord Cláraitheachta na nOibreoírí Sóisialta (SWRB) a chur i láthair. Clúdaítear sa tuarascáil seo ár gcuid gníomhaíochtaí ón tráth a ceapadh sinn i Lúnasa 2010 go dtí deireadh na bliana.

Is é an sainchúram atá ag CORU an pobal a chosaint trína chinntiú go gcloíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta le hardchaighdeáin iompair ghairmiúil, oideachais ghairmiúil, oiliúna agus oilteachta. Tá ag an SWRB an fheidhm chun a chinntiú go gcloíonn oibrithe sóisialta, mar ghairm, leis na caighdeáin seo mar chuid dá ndualgas reachtúil.

De réir an Achta, cheap an tAire 13 bhall don SWRB i mbliana. Baill “tuata” a bhformhór, a chiallaíonn baill nach oibrithe sóisialta iad, agus is ainmnithigh seisear díobh ón ngairm, a dhéanann ionadaíocht do theagascóirí, bainisteoirí agus oibrithe sóisialta a chuireann seirbhísí túslíne ar fáil. Bhí bród orm nuair a toghadh i mo chathaoirleach mé ag ár gcéad chruinniú i Meán Fómhair.

Ó shin i leith, dhírigh an Bord ar dhul chun cinn i dtreo cinntiú go socraítear na caighdeáin chuí, agus go gcuirtear cleachtóirí ar an eolas faoi céard a bheidh i gceist le clárúchán dóibh siúd. Chabhraigh obair CORU maidir le struchtúir chorparáideacha agus rialachais, chomh maith le réiteach na gcreatacháipéisí a rinne siad a chlúdaíonn go leor de na limistéir a theastaíonn le haghaidh clárúcháin, le Bord Cláraitheachta na nOibrithe Sóisialta dul chun cinn mear a dhéanamh i dtreo cinntiú go dtéitear i ngleic le sainriachtanais na gairme.

Faoin Acht, déanfar an NSWQB a dhíscaoileadh agus aistrefar an uile shócmhainn agus dhliteanas chuig CORU. Ba mhian liom buíochas ó chroí a chur in iúl don NSWQB don obair a rinne siad i gcreidiúnú na gcáilíochtaí oibre sóisialta sula raibh clárúchán reachtúil ann, agus chabhraigh sé seo uile leis an ngairm dul chun cinn mear a dhéanamh chuig an gcéim nua agus spreagúil seo d’fhorbairt agus d’aitheantas. Ba mhian leis an SWRB, go háirithe, a mbuíochas le Máirtín Ó Fathaigh, an Cathaoirleach, agus Eilís Walsh, an Stiúrthóir, agus an fhoireann a chur in iúl – rinne siad uile tréanar-rachtaí lena chinntiú go ndéanfar an t-aistriú feidhmeanna lena laghad deacrachtaí is féidir.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill uile an Bhoird as ucht oibriú le chéile go dúthrachtach le linn ár gcéad cúpla mí le chéile d’fhonn bheith in ann an clár a oscailt le haghaidh oibrithe sóisialta in 2011. Ba mhian liom freisin mo bhuíochas a léiriú do chathaoirleach na Comhairle, Tom Jordan, don CEO, Ginny Hanrahan, agus don fhoireann uile, as ucht a bhfoighne agus a gcuid tacaíochta leanúnaí leis an mBord nuabhunaithe. Táim ag súil le bliain spreagúil ina mbainfear go leor amach in 2011.

Suzanne Quin

An Cathaoirleach

2.2 Cúlra

Rinneadh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 a rith in 2005. Déantar foráil san Acht le haghaidh córas rialaithe a bhunú do 12 ghairm shláinte agus chúraim shláinte, lena n-áirítear oibrithe sóisialta. Is é an cuspóir an pobal a chosaint trí ardchaighdeán iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shláinte.

Bord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta

Ceapfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí bord cláraitheachta le tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais d'fhonn go ndéanfar gach ceann de na gairmeacha a rialú. Comhlachtaí neamhspleácha iad boird chláraitheachta ag a bhfuil síorchomharbas chomh maith lena séala féin. Tá 13 bhall ar gach bord:

- seisear ón ngairm a bheidh le clárú (teagascóir amháin, beirt bhainisteoirí agus triúr cleachtóirí)
- seachtar ball tuata (ionadaithe ó bhainistíocht na hearnála poiblí sláinte/cúraim shóisialta; bainistíocht na hearnála deonaí/príobháidí sláinte nó cúraim shóisialta; ionadaí tríú leibhéal agus ceathrar daoine a bheidh le hionadaíocht a dhéanamh don phobal mór).

Déanann an bord an cathaoirleach a thogadh.

Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, Bord Clárthaitheachta na nOibrithe Sóisialta mar an gcéad cheann de dhá bhord déag i Lúnasa 2010. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil bhliantúil seo ar obair an SWRB chuig deireadh 2010.

2.3 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2010

Cruinnithe

Thionóil an Bord trí huair in 2010:

- an 13 Meán Fómhair: Ionduchtúchán, agus toghadh an Chathaoirligh
- an 2 Samhain 2010
- an 9 Nollaig 2010.

Feic aguisín 3, le haghaidh sonraí faoi fhreastal ag cruinnithe an bhoird.

Oiliúint ionduchtúcháin

Fuair baill den bhord ionduchtúchán agus oiliúint fhoirmiúil roimh chéad chruinniú an SWRB an 13 Meán Fómhair. I measc na dtopaicí a bhí i gceist bhí réamhrá leis an gComhairle agus an cur chuige a ghlacann CORU leis an Acht a chur chun feidhme. Ina theannta sin, rinneadh plé ar shaincheisteanna dlíthiúla, rialachas corparáideach, próiseas an chlárúcháin, ceadú cúrsaí oideachasúla agus an caidreamh idir boird chlárúcháin agus an Chomhairle. Fuair gach ball pacáiste ionduchtúcháin ina raibh cóid éagsúla infheidhme iompair, agus faisnéis faoi ábhair riaracháin.

Cinntí an chéad chruinnithe

Togadh a gcathaoirleach ag céad chruinniú an Bhoird agus rinneadh téarmaí oifige na mball eile a dheimhniú iad a chur ar crannchur. Togadh Suzanne Quin mar an gCathaoirleach. Faoin Acht, ceaptar an Bord le haghaidh tréimhse ceithre bliana. Tá sé ina cheanglas faoin reachtaíocht go n-athraítear leath an chéad Bhoird i ndiaidh dhá bhliain, d'fhonn córas rollach ballraíochta a éascú. Beidh na baill a leanas den Bhord ar an mbord ar feadh dhá bhliain, go dtí an 5 Lúnasa 2012:

Ainmnithigh ghairmiúla

Monica Egan
Fiona Geraghty
Mary Hargaden

Ainmnithigh thuata

Chris Curtin
Damien Courtney
Denis Gallagher

Beidh na baill eile den Bhord ar mbord ar feadh ceithre bliana, go dtí an 5 Lúnasa 2014:

Ainmnithigh ghairmiúla

Ursula Fernée
Cormac Quinlan
Suzanne Quin
Valentine O'Kelly

Ainmnithigh thuata

Pat Dunne
Val Collier
Ned Kelly

Beidh na hainmnithigh le haghaidh poist ghairmiúla ar an mBord faoi réir toghacháin ag na cláraithe an tráth a osclófar an clár. Beidh seo roimh an 5 Lúnasa 2012.

Ina theannta sin, d'aontaigh an Bord ar chlár ama oibre atá dírithe ar Chlár na nOibríthe Sóisialta a oscailt in 2011.

Oibriú i dtreo clárúcháin

Le linn a gcéime tionscanta, rinne an Bord breithniú ar na treoirínte agus ar na creatlacha a d'eisigh an Chomhairle mar bhonn le próisis an bhoird a fhad le clárúchán oibríthe sóisialta. Cuid lárnach de réiteach an chlárúcháin is ea fodhlíthe a dhéanamh le tacú leis an bpróiseas. Thosaigh an Bord an próiseas lenar bhain a gcéad dhá fhodhlí a dhéanamh in 2010, maidir leis an méid a leanas:

- cáilíochtaí ceadaithe le haghaidh oibríthe sóisialta, agus naoi gcáilíocht cheadaithe a liostáil a gceaptar a bhainfidh an caighdeán oilteachta amach a theastaíonn le haghaidh clárúcháin
- iarratas ar chlárúchán, an fhaisnéis a liostáil is gá d'iarratasóirí a chur isteach.

D'eisigh an Bord na cáipéisí chun ligean don phobal breithniú a dhéanamh orthu in Samhain 2010, as ar eascair 60 aighneacht bhailí. Déanfaidh an SWRB breithniú orthu seo agus féachfaidh siad le ceadú na Comhairle a fháil sula ndéanfar fodhlíthe in 2011.

Cód iompair agus eitice gairimiúla

Ghlac an Bord, i bprionsabal, an chreacháipéis um iompar agus eitice ghairmiúil a chur an Chomhairle um Oiriúnacht chun Cleachta i dtoll a chéile agus a cheadaigh an Chomhairle. Déanfaidh an SWRB athbhreithniú ar an gcáipéis seo faoi threoir grúpa oibre an Bhoird, lena n-áireofar saineolas seachtrach a úsáid ó réimse fairsing de chomhthéacsanna oibre sóisialta. Déanfaidh seo comhairle a chur ar an mBord faoi ionchorprú na sainriachtanas le haghaidh oibríthe sóisialta, trí thagairt a dhéanamh do chóid iompair agus eitice idirnáisiúnta a úsáideanna rialtóirí eile oibre sóisialta. Leanfaidh an Bord, ansin, le comhairliúchán poiblí agus leis an bhfodhlí a dhéanamh.

Ghlac an Bord an fhoirm iarratais ar chlárúchán mar aon leis an nótaí treorach a chur an Chomhairle i dtoll a chéile in 2010, chomh maith leis na riachtanais le haghaidh clárúcháin agus an phróisis chlárúcháin a chur an Chomhairle ar aghaidh i bhfoirm na treorach a eisíodh don Bhord.

Thosaigh an Bord le nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile, a bhain go sonrach le cleachtadh na hoibre sóisialta, a dhéileáil le socruithe idirthréimhseacha a dhírítear ar chlárúchán na ngairmithe reatha a cheadú, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar iarratasóirí atá ag cleachtadh mar oibrithe sóisialta ach nach bhfuil bainte amach acu na cáilíochtaí a shainítear san Acht.

Aithint cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát

Déanfar an t-údarás inniúil den Bhord a dhéanfaidh cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát a aithint.

Chinn an Bord coiste a bhunú le déileáil leis na hiarratais seo, ar a raibh ball den Bhord mar chathaoirleach, le baill sheachtracha a áireamh leis an taithí chuí, chomh maith le baill eile den SWRB.

Oideachas

Cheadaigh an Bord creatcháipéis na Comhairle maidir le ceadú agus monatóireacht an oideachais agus na hoiliúna. Chinn siad ar dhuine acadúil i réimse na hoibre sóisialta a choimisiúnú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéis agus le sainriachtanais le haghaidh oibrithe sóisialta a ionchorprú. Déanfaidh grúpa oibre den Bhord bainistíocht ar phróiseas fairsing comhairliúcháin go luath in 2011.

D'aontaigh an Bord ar phainéal measúnóirí a cheapadh le cabhrú le hathbhreithniú cúrsaí. Beidh ball den SWRB mar chathaoirleach air seo, agus beidh sa phainéal daoine acadúla, cleachtóirí, úsáideoirí na seirbhíse agus fostóirí.

Rialachas corparáideach

Rinne an SWRB athbhreithniú ar an gCód Iompair le haghaidh Ball den Bhord, ar orduithe seasta agus ar cháipéis ina sonraítear caidreamh na mbord cláraitheachta leis an gComhairle, mar aon leo seo a cheadú.

Aguisín 1

Freastal ar Chruinnithe na Comhairle in 2010

Ainm		Dátaí					
Céadainm	Sloinne	11 Fe.	25 Má.	13 Be.	8 Iú.	14 D.F.	2 No.
Odhran	Allen*	-	-	-	-	✓	✓
Mary	Barrett*	X	-	-	-	-	-
Jacqui	Barry-O’Crowley	X	✓	X	X	✓	X
Fionnuala	Cook	✓	✓	✓	✓	X	✓
Tony	Darmody	✓	X	✓	✓	✓	✓
Libby	Delap*	X	✓	X	✓	✓	✓
Margaret	Doyle	✓	X	✓	✓	✓	✓
Monica	Egan	✓	✓	X	✓	✓	✓
Bernie	Eustace	X	X	✓	✓	✓	X
Mitchel	Fleming	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sharon	Foley	✓	✓	X	X	✓	✓
Patricia	Godwin	✓	✓	X	X	✓	X
Margaret	Hayes**	✓	N	N	N	N	N
Tom	Jordan**	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Julie	Ling	✓	✓	✓	✓	X	X
Jill	Long*	✓	✓	✓	X	✓	✓
Mark	McEntee	✓	✓	X	✓	✓	✓
Stephen	McMahon	✓	X	X	X	X	✓
Maeve	Murphy*	✓	✓	✓	X	✓	✓
Patricia	O’Connor	X	X	✓	X	✓	X
John	O’Mullane*	✓	X	X	X	X	X
David	Power*	✓	✓	✓	X	✓	✓
Pat	Quinlan	✓	✓	X	✓	✓	✓
Jackie	Reed	✓	✓	✓	✓	✓	X
Michael	Ronayne	✓	X	✓	X	X	X
Ann	Taylor	✓	✓	✓	✓	✓	X

Eochair:

✓ : arna fhreastal

N: gan bheith ar an gComhairle

** : Cathaoirleach

X : leithscéalta nó as láthair

* : stádas breathnóra

-: gan stádas breathnóra

Aguisín 2

Cuspóir agus dualgais na Comhairle

De réir an Achta, “is é cuspóir na Comhairle an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe”.

Dualgais na Comhairle

Is iad seo a leanas feidhmeanna na Comhairle, amhail a leagtar amach san Acht:

- gníomhaíocht na mbord cláraitheachta a mhaoirsiú agus a chomhordú
- tacíocht riaracháin agus cabhair rúnaíochta a thabhairt do bhoird chláraitheachta agus dá gcuid coistí
- iarratais a fháil agus cinntí a dhéanamh faoi Chuid 4 lena mbaineann diúltú bord cláraitheachta clárúchán a cheadú nó a athshocrú
- caighdeáin chleachtais a chur chun feidhme le haghaidh cláraithe de na gairmithe sainithe, lena n-áirítear na cóid iompair agus eitice gairmiúla a ghlac a mboird chláraitheachta
- coistí fiosrúchán a bhunú i dtaobh gearán, gortaithe agus disciplíne, amhail a leagtar amach i gCuid 6 den Acht, i leith chláraithe na ngairmithe ainmnithe
- cinntí a dhéanamh agus treoir a thabhairt faoi Chuid 6 lena mbaineann IMPOSITON na smachtbhannaí disciplíneacha ar chláraithe na ngairmithe ainmnithe
- comhairle a chur ar an Aire, bíodh as stuaim féin na Comhairle, nó ar iarraidh an Aire i gceist, faoin uile ábhar lena mbaineann feidhmeanna na Comhairle faoin Acht
- boird chláraitheachta a spreagadh le comhoibriú le chéile, sa chás is inchleachtaithe, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint ghairmiúil na gcláraithe
- treoirínte measúnaithe a eisiúint chun críche alt 91 (lena mbaineann clárúchán tosaigh na ngairmithe reatha laistigh de na gairmeacha ainmnithe leis na cláir a oscailt agus le linn na hidirthréimhse)
- tabhairt faoi aon fheidhm a d'fhéadfadh an tAire a shannadh don Chomhairle agus lena mbainfeadh:
 - cláraithe aon ghairme ainmnithe, a n-oideachas agus a n-oiliúint mar aon le cleachtadh a ngairme
 - cur chun feidhme aon treorach nó rialacháin de Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena mbaineann cleachtadh cúraim shláinte nó cúraim shóisialta agus aon duine a thugann fúthu.

Tá ag an gComhairle “an chumhacht aon rud a dhéanamh is dealraitheach dóibh bheith REQUISITE, bíodh sé ina bhuntáiste nó INCIDENTAL, nó chun feidhmíocht a gcuid feidhmeanna faoin Acht seo a éascú.

Aguisín 3

Freastal ar chruinnithe Bhord Cláraitheachta na nOibrithe Sóisialta in 2010

Ainm		Dátaí		
Céadainm	Sloinne	13 M.F.	2 Samh.	9 Nol.
Val	Collier	✓	✓	✓
Damien	Courtney	✓	✓	✓
Chris	Curtin	X	X	X
Pat	Dunne	✓	X	✓
Monica	Egan	✓	✓	✓
Ursula	Fernée	✓	✓	✓
Denis	Gallagher	✓	✓	✓
Fiona	Geraghty	X	✓	✓
Mary	Hargaden	✓	✓	✓
Ned	Kelly	✓	✓	X
Valentine	O'Kelly	✓	✓	✓
Suzanne	Quin*	✓	✓	✓
Cormac	Quinlan	✓	X	✓

Eochair:

*: Cathaoirleach

✓ : arna fhreastal

x : leithscéalta nó as láthair

Aguisín 4

Cuspóir agus dualgais na mbord cláraitheachta

Is é cuspóir bord cláraitheachta gairme ainmnithe “an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na gairme sin”.

Dualgais bord cláraitheachta

Is iad seo a leanas feidhmeanna bord cláraitheachta, amhail a leagtar amach san Acht:

- clár ball den ghairm ainmnithe a bhunú agus a choimeád
- deimhnithe clárúcháin a eisiúint
- treoir a thabhairt do chláraithe maidir le hiompar eiticiúil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cleachtadh na gairme ainmnithe agus le forbairt leanúnach ghairmiúil
- monatóireacht a dhéanamh, de réir an Achta, oiriúnacht leanúnach chlár a cheadaíonn an Bord le haghaidh oideachas agus oiliúint iarratasóirí le haghaidh clárúcháin
- moltaí a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a bheidh le cur ar chláraithe na gairme ainmnithe.

Is féidir le bord cláraitheachta, le ceadú na Comhairle, an méid a leanas a dhéanamh:

- tabhairt faoi thaighde ar oideachas agus ar thaighde lena mbaineann cleachtadh na gairme ainmnithe, lena n-áirítear foirmlíú na CURRICULA turgnamhach agus measúnú clár reatha agus scrúdú agus nósanna imeachta measúnaithe
- taifid staitistiúla a choimeád agus fáil a chur ar na taifid sin le haghaidh taighde agus pleanála.

3. Ráitis Airgeadais na Bliana dar Críoch an 31 Nollaig 2010

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste le Tithe an Oireachtais

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, 2005. Áirítear an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí lena mbaineann sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach THERIN. Dlí infheidhme atá sa chreatlach um thuairisciú airgeadais, a cuireadh chun feidhme san ullmhú a rinne siad, agus sa Chleachtas Cuntasaíochta ag a bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn amhail a mhionathraítear ag treoracha an Aire Sláinte i ndáil le cuntasaíocht le haghaidh costais ilbhliantúla.

Freagrachtaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go léirítear VIEW fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúta Iniúchta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeán Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchta le haghaidh Iniúchóirí a chomhlíonadh.

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas

- cibé acu an cuí nó nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Comhairle, agus ar cuireadh i bhfeidhm nó nár cuireadh go comhsheasmhach agus ar nochtáíodh nó nár nochtáíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa tuarascáil bhliantúil le haon mhíreachtáí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh. Má thugaim aon mhírítis nó mhíreachtáí dealraitheacha ábhartha, déanaim breithniú a n-impleachtaí i leith mo thuarascála.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Aithníonn an Chomhairle costais teidlíochtaí ilbhliantúla ach amháin nuair is iníoctha iad, i gcomhlíonadh treoracha ón Aire Sláinte. Ní chomhlíonann an bonn cuntasáíochta le Caighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais a cheanglaíonn go n-aithnítear na costais sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

Seachas neamhthint chostais ilbhliantúla agus dhliteanais na Comhairle de réir Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais, rinneadh na ráitis airgeadais, i mo thuairim, a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasáíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin.

Rinne an tÚdarás leabhair chuí chuntais a choimeád, i mo thuairim. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhar ar a dtuairiscím trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain, a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú di, comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh na Comhairle an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Andrew Harkness

Don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar a shon
an 21 Iúil 2011

Ráiteas um Rialú an Chórais Airgeadais Inmheánaigh

1. Ar son bhaill na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, aithním ár bhfreagracht lena chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh. Ní féidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinntiú réasúnta, seachas iomlán, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbheartaíochtaí a úrdarú agus a chur i dtaifead go cuí, agus go ndéantar earraidí nó míréireachtaí ábhartha a sheachaint nó go ndéanfaí iad bhrath i dtréimhse thráthúil.

2. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Chuaigh an Chomhairle i mbun bearta le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh a chuimsítear sa Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlactaí Stáit, lena n-áirítear:
 - Dearbhú treoirlínte fála a chomhlíonadh amhail a leagtar amach sa Chód
 - Dearbhú go gcomhlíontar diúscairt sócmhainní agus rochtana ag tríú páirtithe amhail a leagtar amach sa Chód
 - Dearbhú go gcuirtear chun feidhme beartais Rialtais um athuimhriú an CEO
 - Beartais agus nósanna imeachta ar a ndearnadh athbhreithniú agus a tugadh chun críche d'fhonn éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus le sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Bunaítear an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta; córas tairmligin agus freagrachta; sraith nósanna imeachta airgeadais; nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus agus dianseiceálacha leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear leis seo, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil, a dhéanann baill den Chomhairle a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe le haghaidh íocaíochtaí amach chistí na Comhairle a shocrú.
- Athbhreithniú rialta ag baill den Chomhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a thugann feidhmíocht airgeadais i leith buiséad le fios.

Bunaíodh Coiste Iniúchta in 2010.

Cuireann obair gnóthais sheachtraigh de chuntasóirí, feidhmeannach na Comhairle atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreatlach na rialuithe airgeadais, agus as tuairimí a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste sa tuarascáil a dhéanann sé, amhail is infheidhme, faisnéis ar fail do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

3. Athbhreithniú bliantúil ar rialú

Dearbháim go ndearna an Chomhairle beartas agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche, don tréimhse dar críoch an 31 Nollaigh 2010, le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a chinntiú.



Cathaoirleach an HSCPC

18/7/2011

Dáta

Ráiteas Fhreagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Comhlacht reachúil atá iontu atá freagrach as a chinntiú go mbíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i mbun cleachta i dtimpeallacht rialaithe, rialáilte agus shábháilte ar bhealach a chinnteoidh soláthar seirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta don phobal.

Ceaglaítear faoi Alt 21, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ar an gComhairle gach cuntas cuí agus gnáthchuntas a choimeád ar an uile airgead a fuair siad nó a chaith siad, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis sin airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach dá éis sin
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leanúnach seachas mura cuí a mheas go leanfaidh an Chomhairle i mbun feidhme.
- aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus mhíniú ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhme.

Déanann an Chomhairle a dheimhniú gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtaítear le cruinneas réasúnta ag aon tráth seasamh airgeadais na Comhairle agus a éascaíonn don Chomhairle go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 1, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Tá an Chomhairle freagrach, freisin, as a gcuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin, as dul i mbun bearta le calaois agus le mírreachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach



CEO



Dáta

13/1/2011

Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta

Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 d'fhonn gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil. Déantar foráil san Acht, freisin, d'aistriú fhoireann, shócmhainní agus dhliteanais an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta a chuirfidh an tAire Sláinte agus Leanaí chun feidhme ag dáta amach anseo.

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais. Glactar Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a bhíonn siad i mbun feidhme. Is é an t-aonad airgeadra an Euro.

2. Deontas an Oireachtais

Cuirtear i gcuntas ioncam a léirítear sna cuntais faoi Dheontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(i) Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas.

(ii) Baintear de Shócmhainní Seasta ag rátaí bliantúla ar bhonn líne díri a mheastar a dhíscríobhfaidh na sócmhainní thar a saolré úsáide. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain an cheannaigh agus an diúscartha.

Ag na rátaí a leanas is ea dímheas:

Troscán agus Feistis	20%
Trealamh IT/Oifige	33.3%

4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh leis na sócmhainní seasta a mhaoiniú.

5. Aoisliúntas

Déantar foráil in Alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 le haghaidh scéim(eanna) aoisliúntais a bhunú ag an gComhairle. Scéim sainithe tairbhe atá sa scéim chun críche Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ar feitheamh ceadaithe ón Aire Sláinte agus Leanaí le toiliú an Aire Airgeadais.




Bhí an Chomhairle i mbun plé leis an Roinn Sláinte agus Leanaí (DoHC) féachaint le haontú ar shocrú ina n-íocfadh an Chomhairle le ranníocaíochtaí pinsin an DoHC a bhaintear ó fhostaithe agus i ndáil le híocaíocht ranníocaíochtaí pinsin fostóra. Mhol an Roinn in 2011, de réir an chleachtas chistithe agus chuntasaíochta a glacadh le haghaidh comhlachtaí atá á gcisítú acu, gur cheart costais phinsin a bhaint nuair atá íocaíocht an phinsin dlite agus gur cheart go gcoimeádfadh an Chomhairle ranníocaíochtaí pinsin fostóra. D'eascair ardú ar aistriú pinsin chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhlain dar Críoch an 31 Nollaig 2010

	NÓTAÍ	BLIAIN DAR CRÍOCH 2010 €	BLIAIN DAR CRÍOCH 2009 €
IONCAM			
Deontas an Oireachtais	1	719,117	605,142
Ioncam Ilghnéitheach		-	736
Asbhaintí Aoisliúntais Fostaithe		12,435	-
		<u>731,552</u>	<u>605,878</u>
Aistriú ó/(go dtí) An Cuntas Caipitil	8	2,186	(24)
		<u>733,738</u>	<u>605,854</u>
CAITEACHAS			
Tuarastáil	4	372,199	275,244
Taisteal		6,240	7,567
Costais Bhunaíochta	2	68,523	48,445
Riarachán Oifige	3	183,298	160,688
Soláthairtí Oifige		4,427	828
Priontáil agus Foilsiú		8,989	5,689
Táillí Díl agus Gairmiúla		93,948	55,373
Táille Iniúchta		3,290	3,290
Táillí Cuntasaíochta		24,482	11,215
Bunaíocht na Gníomhaireachta		5,229	17,439
Seirbhísí Pinsin		4,555	1,613
Seirbhísí Párolla		1,500	1,500
Dímheas		11,202	8,320
		<u>787,882</u>	<u>597,211</u>
(Dímheas)/Farasbarr don bhliain		(54,144)	8,643
Aistriú Pinsin	9	31,968	-
Farasbarr ag tús na bliana		38,103	29,460
		<u>15,927</u>	<u>38,103</u>

Aithnítear an uile chailteanas agus gnóthachan sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais


Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-12 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.


		
Chairperson	CEO	Date

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2010

	NÓTAÍ	2010 €	2009 €
Sócmhainní Seasta	5	11,615	13,801
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		31,379	128,737
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	6,509	8,634
		<u>37,888</u>	<u>137,371</u>
Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	7	21,961	99,268
Glansócmhainní Reatha		<u>15,927</u>	<u>38,103</u>
Sócmhainní Iomlána		<u><u>27,542</u></u>	<u><u>51,904</u></u>
Arna léiriú ag:			
Cuntas Caipitiúil	8	11,615	13,801
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		15,927	38,103
		<u>27,542</u>	<u>51,904</u>

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathaoirleach 

CEO 

Dáta 18 | 7 | 2011

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2010

	2010	2009
	€	€
1. DEONTAS AN OIREACHTAIS		
An Roinn Sláinte agus Leanaí	719,117	605,142
	<u>719,117</u>	<u>605,142</u>

Rinneadh ioncam deontais in 2010 a tharraingt anuas díreach ag an gComhairle ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Áirítear Deontais Chaipitiúla €6,093 (2009: €9,917) a áireamh sna figiúirí thuas.

	2010	2009
	€	€
2. COSTAIS BHUNAÍOCHTA		
Costais Bhunaíochta	68,523	48,445
	<u>68,523</u>	<u>48,445</u>

Áirítear le Costais Bhunaíochta cíosanna, rátaí, táillí árachais agus seirbhíse a tabhaíodh i ndáil le spás oifige a dhéanann an Chomhairle a chomhroinnt leis an mBord Cálíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta.

	2010	2009
	€	€
3. RIARACHÁN OIFIGE		
Guthán	7,279	5,656
Forbairt IT	18,055	101,541
Cruaearraí/Bogearraí IT	21,985	5,728
Caiteachais Pháipéarachais agus Oifige	15,590	5,556
Táillí Earcaithe Foireann na Gníomhaireachta	65,192	8,666
Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha	14,102	1,678
Caiteachais Fochoiste	2,009	1,053
Cruinnithe na Comhairle – Seomra a fháil ar Cíos agus Soláistí	5,627	7,807
Cruinnithe na Comhairle – Taisteal agus Cothabháil	9,093	2,965
Táillí na gCathaoirleach	8,857	15,925
Caiteachais na gCathaoirleach	533	-
Boird Chláraitheachta	3,865	544
Troscán Oifige/Inneal Fotachóipeála	-	1,120
Tacaíocht IT	7,637	2,076
Suibscríbhinní	2,971	-
Mionairgead	-	111
Táillí Bainc	503	262
	<u>183,298</u>	<u>160,688</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2010

4. TUARASTAIL	2010	2009
	€	€
Tuarastail	372,199	248,467
Costais Phinsin	-	26,777
	<u>372,199</u>	<u>275,244</u>

B'ionann líon iomlán na foirne a d'fhostaigh an Chomhairle sa bhliain agus 4 (2009 – 3) Déanann Ospidéal Beaumont costais tuarastail an CEO a athghearradh ar an gComhairle. B'ionann an tsuim iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont i ndáil le tuarastal an CEO in 2010 agus €105,207, pinsean €21,055 agus táille riaracháin €750. Léirítear na suimeanna seo i gCostais na dTuarastal thuas.

Ní bhfuair an CEO aon phá feidhmíocht-bhunaithe ná aon liúntas BIK. Ní mó teidlíocht phinsin an CEO ná teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear i scéim eiseamláireach sainithe sochair aoisliúntais de chuid na hearnála poiblí.

Baineadh €14,320 (2009: €6,521) de tháillí pinsin ó thuarastail agus íocfar iad seo leis an an Roinn Sláinte agus Leanáí in 2011.

Íocadh na táillí a leanas do Chathaoirleach an Bhoird:	2010	2009
	€	€
Tom Jordan	6,878	-
Margaret Hayes	1,979	15,925
	<u>8,857</u>	<u>15,925</u>

5. SÓCMHAINNÍ SEASTA	Daingneáin agus Feistis	Trealamh IT/Oifige Costas	Iomlán
	€	€	€
Costas amhail an 1 Eanáir 2010	8,523	19,846	28,369
Breisiúcháin sa bhliain	-	9,016	9,016
	<u>8,523</u>	<u>28,862</u>	<u>37,385</u>
Dímheas:			
Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2010	2,237	12,331	14,568
Dímheas sa Bhliain	1,705	9,497	11,202
	<u>3,942</u>	<u>21,828</u>	<u>25,770</u>
Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2010	4,581	7,034	11,615
Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2009	6,286	7,515	13,801

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2010

6. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2010	2009
	€	€
Réamhíocaíochtaí	6,509	8,634
	<u>6,509</u>	<u>8,634</u>
Meastar gur inghnóthaithe iad an uile iarmhéid féichiúnaí laistigh de bhliain amháin.		
7. CREIDIÚNAITHE (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	2010	2009
	€	€
PAYE Iníochta	-	7,331
PRSI Iníochta	-	7,909
Fabhrú an Phárolla	1,221	29,678
Fabhrú Ilbhiantúil aoisliúntais	-	31,968
Fabhruithe Eile	20,740	22,382
	<u>21,961</u>	<u>99,268</u>
8. CUNTAS CAIPITIÚIL	2010	2009
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	13,801	13,777
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: Cistiú le sócmhainní seasta a fháil	9,016	8,344
Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas	(11,202)	(8,320)
	<u>(2,186)</u>	<u>24</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>11,615</u>	<u>13,801</u>

9. Aistriú Pinsin

Ar aon dul leis na treorach a fuarthas ón Roinn. Sonraítear aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i ndáil le hathbhunú ranníocaíochtaí pinisn fostaí agus fostóra a bhí á gcoimeád ar feitheamh a n-aistrithe chuig an Roinn.

10. Baill den Chomhairle – Nochtadh Leasa

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasa ag Baill den Chomhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Níorbh ann d'aon idirbheartaíocht le linn na tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle as ar bhain Baill den Chomhairle aon leas tairbhiúil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2010

11. Cóiríocht Oifige

D'áitigh an Chomhairle an t-áitreabh ag Sráid Bhagóid, Baile Átha Cliath 2, atá foligthe ar cíós ón mBord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta (NSWQB) go dtí Márta 2011. D'íoc an Chomhairle ranníocaíocht €54,535 leis an NSWQB i ndáil le cíós agus seirbhísí don áitreabh seo in 2010. Ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh a fhad leis an 9 Aibreán 2011, d'áitigh an Chomhairle cóiríocht bhreise oifige in oifige seirbhísithe i bPlás Íle, Baile Átha Cliath 2 trí mheán comhaontú ceadúnais. B'ionann an táille chíos le haghaidh 2010 agus €13,988. Tá áitreabh á áitiú ag an gComhairle i gCúirt an Rabhcháin, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, a bhfuil ceadúnas acu ina thaobh ón Údarás um Fhainéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a fhad le 2016.

12. Ceadú Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais an 14 Iúil 2011.

An pobal a chosaint trí ardchaighdeáin
iompair, oideachais, oiliúna agus
iomaíochais ghairmiúil a chur chun
cinn i measc chláraithe na
ngairmeacha ainmnithe.





**Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh**

**Regulating Health +
Social Care Professionals**

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR
Le ceannach go díreach ó
OIFIG DÍOLTA FHOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó ag ordú poist ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS, RANNÓG NA TRÁDÁLA POIST,
AONAD 20 PÁIRC MHIONDÍOLA LAKESIDE, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO
(Guthán: 01 – 6476834/37 nó 1890 213434; Facs: 01 - 6476843 nó 094 - 9378964)
nó trí aon díoltóir leabhar.

CORU, 13-15 An Meal, Cúirt an Rabhcháin, Bóthar na Raithní Móire, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18

Guthán: 01 2933160 **Facs:** 01 2933170 **R-phost:** info@coru.ie

www.coru.ie



A11/1870